Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10842/24**

**TRANS 290**
**FIN 526**
**MI 587**
**IND 304**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10442/24 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 04/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach<br>– Formheas |

1. An 12 Márta 2024, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa Tuarascáil Speisialta 04/2024 dar teideal 'Reaching EU road safety objectives – Time to move up a gear' ['Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach – Tá sé in am dlús a chur leis an dícheall'][1].

2. I gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir leis an nós imeachta chun scrúdú a dhéanamh ar Thuarascálacha Speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí[2], an 27 Márta 2024, thug Coiste na mBuanionadaithe treoir don Mheitheal um Iompar de Thalamh scrúdú a dhéanamh ar an tuarascáil[3].

3. Ag eascairt as an gcur i láthair ar an tuarascáil speisialta agus as an gcéad phlé a rinne na toscaireachtaí an 25 Aibreán 2024, scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh na dréachtchonclúidí ón gComhairle, a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, ag na cruinnithe a bhí aici an 8, an 17, an 24 agus an 28 Bealtaine 2024. Chuir na toscaireachtaí a mbarúlacha in iúl i scríbhinn.

---

1 7853/24. Tá an tuarascáil speisialta seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
2 7515/00 + COR 1
3 7855/24.

4. Ag eascairt as cruinniú na Meithle an 28 Bealtaine 2024, rinneadh[4] tuilleadh leasuithe ar an dréacht lena léirítear barúlacha ó dhá thoscaireacht ina dhiaidh sin. Bhain na leasuithe sin le míreanna 12, 16, 18 go 22 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus an t-athuimhriú déanta.

5. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí an 5 Meitheamh 2024.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle na dréachtchonclúidí ón gComhairle a fhormheas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

---

[4] 9513/5/24 REV 5.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 04/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach – Tá sé in am dlús a chur leis an dícheall'.**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta 04/2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a foilsíodh an 14 Márta 2024 dar teideal 'Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach – Tá sé in am dlús a chur leis an dícheall', ina ndéantar mionscrúdú ar staid na himeartha agus ar threochtaí reatha maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre san Aontas ag an bpointe leathbhealaigh i dtréimhse bheartais 2021-2030.

2. AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt Iniúchóirí gur mithid meastóireacht a dhéanamh chun gur féidir feabhas leanúnach a chur ar an tsábháilteacht ar bhóithre, rud a éilíonn gníomhaíochtaí éagsúla de réir cur chuige rioscabhunaithe nó comhtháite (Cur Chuige an Chórais Shábháilte, mar shampla), a mbeidh baint ag údaráis phoiblí ar gach leibhéal, ag gach úsáideoir bóithre, ag an tionscal agus ag gníomhaithe na sochaí sibhialta leis; chun na spriocanna uaillmhianacha a bhaint amach maidir le líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú faoina leath faoi 2030 (i gcomparáid le 2019) agus líon na n-íospartach ar na bóithre a laghdú go nialas a mhéid is féidir faoi 2050 trí 'Fís Nialais' nó trí straitéisí éifeachtúla comhchosúla.

3. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta i roinnt Ballstát chun a spriocanna a bhaint amach maidir le líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú faoina leath faoi 2030, ach mar sin féin, AITHNÍONN SÍ nach leor an dul chun cinn foriomlán atá déanta go dtí seo chun an sprioc sin a bhaint amach.

4. MEABHRAÍONN SÍ an anailís a rinneadh agus ar na gealltanais a tugadh sna conclúidí ón gComhairle maidir le sábháilteacht ar bhóithre an 8 Meitheamh 2017, lenar formhuiníodh Dearbhú Vaileite,[5] inar leagadh béim ar líon do-ghlactha na mbásanna agus na dtionóiscí ar bhóithre, ó thaobh an duine aonair agus na sochaí de.

[5] Féach 9994/17.

5. AGUS AIRD Á TABHAIRT AICI ar thúsphointí éagsúla na mBallstát, TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur foinse luachmhar don fhoghlaim fhrithpháirteach agus do mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit í an éagsúlacht modhanna, an cleachtas agus na saintréithe náisiúnta idir na Ballstáit i réimse beartais na sábháilteachta ar bhóithre, ar inniúlacht roinnte í.

6. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI an líon ard úsáideoirí gníomhacha agus soghonta (coisithe, rothaithe, úsáideoirí feithiclí dé-rothacha cumhachtaithe, scútair leictreacha) i measc na mbásanna mar thoradh ar thionóiscí bóthair san Aontas, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon, ar úsáideoirí iad a mbíonn orthu déileáil níos minice agus níos minice le feithiclí atá níos mó agus níos troime, agus gur díol imní di freisin an riosca ard go marófar nó go ngortófar úsáideoirí soghonta bóithre, idir óg agus aosta, agus, IARRANN SÍ go dtabharfaí léargas níos fearr ar shonraí nochta agus TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh.

7. TAGRAÍONN SÍ do na gealltanais chun cómhaireachtáil shábháilte modhanna éagsúla iompair a áirithiú, a cuireadh in iúl sa dearbhú idirinstitiúideach Eorpach maidir le rothaíocht a síníodh le déanaí[6] agus TAGRAÍONN SÍ don athbhreithniú leanúnach ar an Treoir maidir le ceadúnais tiomána[7], ina bhfuil plé á dhéanamh ar scéimeanna rialála ar fud an Aontais do thiománaithe nuacheadúnaithe agus don tiomáint faoi thionlacan, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le hoiriúnacht chun tiomána.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an comhaontú ar thángthas air ar an leibhéal polaitiúil maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála Eorpach lena n-éascaítear forfheidhmiú trasteorann cionta tráchta[8], agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE freisin gur cionta tráchta is cúis dhíreach le formhór na mbásanna ar bhóithre san Aontas.

9. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL IMNÍ DI go bhfuil iompar ardriosca ar na bóithre ina chúis mhór i gcónaí le tuairteanna bóthair, go háirithe tiomáint róghasta, tiomáint faoi thionchar alcóil nó drugaí, seachmall nó tuirse a bheith ar an tiománaí nó tiomáint gan crios sábhála, neamhaird a thabhairt ar úsáid cheart srianta sábháilteachta linbh agus trealaimh cosanta.

---

6 An 4 Aibreán 2024, 6215/24.

7 Féach an cur chuige ginearálta ón gComhairle i ndáil le togra nua le haghaidh treoir maidir le ceadúnais tiomána, a glacadh an 4 Nollaig 2023, 16345/23.

8 Comhaontú polaitiúil sealadach ar thángthas air an 12 Márta 2024 maidir leis an togra lena leasaítear Treoir (AE) 2015/413 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

10. AITHNÍONN SÍ an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le modhanna gníomhacha iompair don tsoghluaisteacht amach anseo, ag cur san áireamh, i measc rudaí eile, an choigilt fuinnimh, ar a riachtanaí atá sé an t-athrú aeráide a chomhrac, agus ar a thábhachtaí atá sé go spreagfadh an beartas poiblí an t-aistriú sin ar mhaithe le cách, go háirithe i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre agus inrochtaineacht bóithre a fheabhsú.

11. TAGRAÍONN SÍ do Dhearbhú Stócólm an 19-20 Feabhra 2020[9], go háirithe rún uimh. 11 lena spreagtar údaráis phoiblí chun sainordú 30 km/u a thabhairt maidir le limistéir ina mbíonn úsáideoirí gníomhacha agus soghonta bóithre le chéile ar bhealach rialta pleanáilte, ach amháin i gcás ina bhfuil fianaise láidir ann go bhfuil luasanna níos airde sábháilte. TUGANN SÍ LE FIOS gur dual don spás poiblí a bheith teoranta, agus nach mór, dá bhrí sin, luasanna a choigeartú ionas go n-áiritheofar úsáid shábháilte an spáis chomhroinnte sin. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI na gníomhaíochtaí a rinneadh i ndáil leis sin ar fud an Aontais.

12. GABHANN SÍ BUÍOCHAS leis an gCoimisiún as tacú leis na tionscadail Baseline agus Trendline a chuidíonn le súil a choinneáil ar fhorbairt líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar fud na hEorpa i dtreo nialais agus chun éifeachtacht na n-infheistíochtaí sa tsábháilteacht ar bhóithre a thomhas. TUGANN SÍ DÁ hAIRE AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI rannpháirtíocht na mBallstát uile sa tionscadal leantach Trendline.

13. AITHNÍONN SÍ na buntáistí a bhaineann le sonraí inchomparáide i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre ar fud na mBallstát, lena n-áirítear sonraí i dtaca le tuairteanna bóthair. MEASANN SÍ go bhféadfaí gníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh ar leibhéal an Aontais fiú mura bhfuil modheolaíochtaí na mBallstát comhchuibhithe ina n-iomláine, ós rud é go bhféadfadh níos lú Ballstát a bheith toilteanach páirt a ghlacadh i dtionscadail de chuid an Aontais dá n-iarrfaí comhchuibhiú iomlán, rud a d'fhágfadh go mbeadh inchomparáideacht stairiúil níos deacra agus a d'fhéadfadh ualach riaracháin díréireach a chruthú.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá imscrúdú neamhspleách chun cúiseanna tuairteanna bóthair as a n-eascraíonn gortuithe agus básanna tromchúiseacha a shainaithint chun iad a chosc amach anseo.

---

9 Féach Dearbhú Stócólm a síníodh an 19-20 Feabhra 2020 ag an Tríú Comhdháil Aireachta Domhanda maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre: 'Spriocanna Domhanda 2030 a bhaint amach'.

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ar a thábhachtaí atá an obair leanúnach atá á déanamh sa ghrúpa saineolaithe CARE chun sonraí a bhailiú agus a thuairisciú maidir le gortuithe tromchúiseacha ar bhóithre, chun úsáid sainmhínithe choitinn bunaithe ar scála tráma MAIS3+ a chur chun cinn, agus chun an t-eolas agus na dea-chleachtais atá ar fáil a chomhroinnt a mhéid is féidir. AITHNÍONN SÍ an t-ualach riaracháin agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an tábhacht a bhaineann le cosaint sonraí, ach LEAGANN SÍ BÉIM, i ndáil leis an méid sin, ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic le tearcthuairisciú na n-íospartach tráchta ar bhóithre, lena n-áirítear úsáideoirí soghonta bóithre, agus a thábhachtaí atá sé sonraí inchomparáide a bheith ann maidir le gortuithe tromchúiseacha san Aontas.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar thionscnaimh maidir le sábháilteacht ar bhóithre a fhaigheann tacaíocht ón gCoimisiún agus arna spreagadh ag Parlaimint na hEorpa, cuir i gcás an uirlis faireacháin um shábháilteacht ar bhóithre ón bhFaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Tionscadal an Aontais um Malartú Faisnéise maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre, lenar féidir eolas agus dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach nithiúil, trí bhíthin cuairteanna staidéir agus ceardlanna náisiúnta, idir údaráis Bhallstáit an Aontais agus páirtithe leasmhara maidir le hábhair éagsúla a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an tacaíocht airgeadais i ndáil leis an méid sin, gan dochar do na socruithe maoiniúcháin atá le comhaontú don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. DÍRÍONN SÍ AIRD AR an nGrúpa Ardleibhéil um Shábháilteacht ar Bhóithre, ina bhfoghlaimíonn na Ballstáit go leanúnach ó bhearta sábháilteachta, reachtaíocht agus dea-chleachtais a chéile.

17. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le híoschaighdeáin sábháilteachta a chur chun feidhme le haghaidh feithiclí nua faoin Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta[10] agus na hiarrachtaí arna ndéanamh ag na Ballstáit chun ródacmhainneacht flít atá ag dul in aois a áirithiú i gcomhthéacs cigireacht feithiclí, idir chigireachtaí teicniúla tréimhsiúla agus chigireachtaí cois bóthair. I ndáil leis an méid sin, TAGRAÍONN SÍ don togra atá ar na bacáin maidir leis an bpacáiste athbhreithnithe ródacmhainneachta. De réir mar a athghinfear an flít agus de réir mar thiocfaidh méadú leanúnach ar líon na bhfeithiclí ar bhóithre an Aontais atá feistithe le hardchórais cuidithe tiománaithe (ADAS), meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an méid sin ar laghdú ar líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha.

18. MEABHRAÍONN SÍ freisin go mbaineann sábháilteacht feithiclí lena mbuntréithe teicniúla agus le hiompar an tiománaí, agus nach bhfuil i gcórais sábháilteachta ghníomhacha agus éighníomhacha ach frithbhearta chun srian a chur leis na rioscaí gaolmhara.

---

**10** Rialachán (AE) 2019/2144, IO L 325, 16.12.2019, lch. 1.

19. AITHNÍONN SÍ na hinfheistíochtaí i mbonneagar bóithre ardcháilíochta, athléimneach agus inbhuanaithe.

20. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá idirnascacht agus idir-inoibritheacht sonraí a bhaineann le trácht, iompar agus feithiclí, agus rialacháin maidir le príobháideachas sonraí á gcomhlíonadh, chun feabhas a chur ar bhainistiú tráchta agus sábháilteachta ar bhóithre.

21. AITHNÍONN SÍ acmhainn na dteicneolaíochtaí nuálacha maidir le sábháilteacht ar bhóithre a threisiú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach mór na teicneolaíochtaí sin a bheith éasca le húsáid agus sábháilte de réir a ndeartha chun an acmhainneacht sin a uasmhéadú, agus gur cheart go mbeadh a fhios ag tiománaithe conas iad a úsáid i gceart agus go sábháilte. Mar sin féin, AITHNÍONN SÍ freisin, an riosca gaolmhar seachmaill le linn tiomána, ina bhfuil feasacht tiománaithe trí oiliúint, feachtais agus forfheidhmiú tiománaithe, agus trí theicneolaíocht fheabhsaithe bunriachtanach.

22. TAGRAÍONN SÍ do na Rialacháin a bhí ann le déanaí a bhfuil tionchar acu ar fheithiclí uathoibrithe[11] agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chuid oibre agus rialacháin theicniúla maidir le feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta a chur san áireamh ag an am céanna, ar rialacháin a fhéachann leis na feithiclí sin a thabhairt isteach ar bhóithre an Aontais ar bhealach sábháilte comhtháite. Ina theannta sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an tsoghluaisteacht uathoibrithe a chur i gcrích ar bhealach sábháilte laistigh den chóras iompair ina iomláine, agus maidir leis na dúshláin ghaolmhara a bhaineann leis an intleacht shaorga, agus aird ar leith á tabhairt ar fheithiclí uathoibrithe agus maidir lena gcómhaireachtáil le húsáideoirí soghonta bóithre, le feithiclí dérothacha cumhachtaithe agus le feithiclí eile faoi rialú an duine.

23. GLACANN SÍ le haistriú córa iompair trína chur ina luí ar úsáideoirí bóithre úsáid níos mó a bhaint as modhanna iompair gníomhacha comhchoiteanna chun feabhas a chur ar an gcáilíocht saoil, ar an tsláinte, ar an aeráid, ar an gcuimsitheacht agus, thar aon ní eile, ar an tsábháilteacht ar bhóithre, agus béim á leagan, ag an am céanna, ar bheartais láidre sábháilteachta do na modhanna sin.

---

**11** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1426 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/2144 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta agus sonraíochtaí teicniúla aonfhoirmeacha le haghaidh chineálcheadú an chórais tiomána uathoibrithe (ADS) i bhfeithiclí lán-uathoibrithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2236 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla maidir le feithiclí a tháirgtear i sraitheanna neamhtheoranta, feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga, feithiclí lán-uathoibrithe a tháirgtear i sraitheanna beaga agus feithiclí sainchuspóireacha, agus a mhéid a bhaineann leis an nuashonrú bogearraí.

24. IS DÍOL SÁSAIMH DI iarracht an Choimisiúin ceanglais theicniúla a chur ar fáil maidir le gairis soghluaisteachta pearsanta a chumhachtaítear go leictreachas (gairis mhicrea-shoghluaisteachta), a úsáideann grúpa úsáideoirí bóithre atá ag dul i méid, as a dtagann tuilleadh básanna agus gortuithe. AITHNÍONN SÍ gurb iomaí difríocht atá idir na Ballstáit ó thaobh cur chuige agus rialála de i dtaca leis na gairis sin, agus é mar aidhm acu cosaint níos fearr a thabhairt d'úsáideoirí gníomhacha agus soghonta bóithre. TAGRAÍONN SÍ, i ndáil leis sin, do Threoir Théamach an Choimisiúin[12], ina bhfuil dea-chleachtais agus moltaí barrthábhachtacha maidir le comhtháthú na micrea-shoghluaisteachta i bpleanáil na soghluaisteachta uirbí, agus TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún agus obair leanúnach á déanamh aige maidir le treoraíocht a chur ar fáil maidir le húsáid shábháilte gaireas soghluaisteachta pearsanta, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát.

25. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an dul chun cinn tábhachtach atá á dhéanamh maidir le nósanna imeachta sábháilteachta chun mórbhonneagar bóthair a dhearadh, tar éis an athbhreithnithe a rinneadh in 2019 ar an Treoir maidir le sábháilteacht an bhonneagair bóthair a bhainistiú, agus CUIREANN SÍ IN IÚL go bhfuil na nósanna imeachta sábháilteachta sin á gcur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne fós ag roinnt Ballstát ná mar a cheanglaítear le raon feidhme na Treorach seo, go háirithe lasmuigh de na príomhbhóithre, bídís á maoiniú nó ná bíodh ag cistí Eorpacha. CUIREANN SÍ I bhFIOS go láidir go mbeidh sé éigeantach pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (PSUInna) a ghlacadh le haghaidh gach nóid uirbigh faoi Rialachán TEN-T athbhreithnithe[13], rud a léireoidh breithnithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre a leagtar síos i dtreoirlínte an Aontais, agus CUIREANN SÍ IN IÚL gur coinníoll téamach cumasúcháin í an tsábháilteacht ar bhóithre chun tionscadail a mhapáil faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, faoi Chiste Sóisialta na hEorpa Plus agus faoin gCiste Comhtháthaithe[14].

26. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina n-iomláine nó i bpáirt agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí agus dá gcomhar leis an gCoimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí atá ábhartha do na moltaí sin a shaothrú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhar láidir leanúnach i measc na mBallstát agus idir na Ballstáit agus an Coimisiún, ar bhonn aonair agus i dtaobh tionscadail leathana, lena n-áirítear malartú dea-chleachtas.

---

12 Treoir Théamach PSUI maidir le hÚsáid Shábháilte Feistí Micrea-shoghluaisteachta i Limistéir Uirbeacha, a foilsíodh i mí na Nollag 2021 mar chuid de choimre de threoirdhoiciméid ón Aontas.

13 PE-CONS 56/24 + ADD 1 go 29.

14 Pointe 3 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/1060, IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.